Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Iúil 2020
(OR. fr)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0173 (NLE)**

12199/1/19
REV 1

PECHE 391

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach a thabhairt i gcrích |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an bPrótacal**
**maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh**
**idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe**
**agus an Comhphobal Eorpach**
**a thabhairt i gcrích**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1+],

1 Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
+ IO: líon isteach le do thoil an fonóta thuas.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Iúil 2007, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 894/2007[1], lenar tugadh i gcrích an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach[2] ("an Comhaontú"). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 29 Lúnasa 2011 agus tá sé fós i bhfeidhm.

(2) An 18 Nollaig 2017, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe (São Tomé agus Príncipe) d'fhonn prótacal nua chun an Comhaontú a chur chun feidhme a thabhairt i gcrích.

(3) Chuaigh an prótacal roimhe sin a bhí ag gabháil leis an gComhaontú in éag an 22 Bealtaine 2018.

(4) Rinne an Coimisiún prótacal nua a chaibidil thar ceann an Aontais. Tar éis an chaibidlíocht a bheith tugtha i gcrích, cuireadh inisealacha leis an bprótacal nua an 17 Aibreán 2019.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 894/2007 ón gComhairle an 23 Iúil 2007 maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach a thabhairt i gcrích (IO L 205, 7.8.2007, lch. 35).

2 IO L 205, 7.8.2007, lch. 36.

(5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/… ón gComhairle[1] [+], síníodh an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach ("an Prótacal") an …[++]+.

(6) Tá an Prótacal á chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta a shínithe.

(7) Is é is cuspóir don Phrótacal a chur ar chumas an Aontais agus Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe oibriú níos dlúithe le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn agus acmhainní iascaigh in uiscí São Tomé agus Príncipe a shaothrú ar bhealach fónta, agus tacú le hiarrachtaí São Tomé agus Príncipe a hearnáil iascaigh a fhorbairt.

(8) Ba cheart an Prótacal a fhormheas.

[1] Cinneadh (AE) 2019/… ón gComhairle an … maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (IO L ...).

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá in ST 12198/19 agus críochnaigh an fonóta comhfhreagrach.

[++] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Phrótacail mar atá in ST 12202/19.

(9) Le hAirteagal 9 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Anuas air sin, i gcomhréir leis an Airteagal sin agus le hAirteagail 6 agus 7(2) den Phrótacal, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe ar an bPrótacal a ghlacadh. Ionas go n-éascófaí formheas na leasuithe sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Coimisiún, faoi réir coinníollacha sonracha substainteacha agus nós imeachta, chun iad a fhormheas thar ceann an Aontais trí bhíthin nós imeachta simplithe.

(10) Ba cheart don Chomhairle an seasamh ón Aontas maidir leis na leasuithe ar an bPrótacal a bhunú. Déanfar na leasuithe atá beartaithe a fhormheas mura rud é go ndéanann mionlach blocála de na Ballstáit agóid i gcoinne na leasuithe sin i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(11) Ba cheart an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste maidir le hábhair eile a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais sheanbhunaithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach a fhormheas thar ceann an Aontais[1+].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 16 den Phrótacal.

*Airteagal 3*

I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, údaraítear don Choimisiún, thar ceann an Aontais, na leasuithe a fhormheas a dhéanfar ar an bPrótacal atá le glacadh ag an gComhchoiste arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 9 den Chomhaontú.

---

[1] Foilsíodh téacs an Phrótacail in… in éineacht leis an gcinneadh maidir lena shíniú.

[+] IO: Líon isteach le do thoil an fonóta thuas.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

**IARSCRÍBHINN**

An nós imeachta maidir le formheas a dhéanamh ar na leasuithe
ar an bPrótacal atá le glacadh ag an gComhchoiste

I gcás ina n-iarrtar ar an gComhchoiste leasuithe ar an bPrótacal a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 7(2) den Phrótacal, údaraítear don Choimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi na coinníollacha seo a leanas:

(1) Maidir leis an bhformheas a dhéanfar thar ceann an Aontais, áiritheoidh an Coimisiún:

(a) go mbeidh sé i gcomhréir le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh;

(b) go mbeidh sé comhsheasmhach leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus go gcuirfear san áireamh ann comhbhainistiú arna dhéanamh ag stáit chósta;

(c) go gcuirfear san áireamh ann an fhaisnéis staidrimh, an fhaisnéis bhitheolaíoch agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí a cuireadh chuig an gCoimisiún.

(2) Sula ndéanfaidh an Coimisiún leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle iad in am trátha roimh an gcruinniú ábhartha den Chomhchoiste.

(3) Déanfaidh an Chomhairle measúnú féachaint an gcomhlíontar na critéir a leagtar amach i bpointe (1) leis na leasuithe atá beartaithe.

(4) Mura ndéanfaidh líon áirithe Ballstát agóid i gcoinne na leasuithe atá beartaithe, líon is comhionann le mionlach blocála na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, formheasfaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais iad. Má tá mionlach blocála den sórt sin ann, diúltóidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, do na leasuithe atá beartaithe.

(5) Más rud é, le linn cruinnithe den Chomhchoiste ina dhiaidh sin, lena n-áirítear cruinnithe ar an láthair, nach féidir teacht ar chomhaontú, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle arís eile, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí (2) go (4), chun go gcuirfear tosca nua san áireamh i seasamh an Aontais.

(6) Iarrtar ar an gCoimisiún aon bheart is gá a dhéanamh, in am trátha, mar obair leantach ar chinneadh an Chomhchoiste, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh ábhartha a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus aon togra is gá chun cur chun feidhme an chinnidh sin a thíolacadh.

(7) A mhéid a bhaineann le ceisteanna eile nach mbaineann le leasuithe ar an bPrótacal i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 7(2) de, déanfar an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais oibre sheanbhunaithe.

---